

Logainmneacha dar críoch *-ach* i gCo. Thiobraid Árann

Pádraig Ó Cearbhaill

Ba é a chuir mé romham nuair a bhí an blúire taighde seo ar bun agam ar logainmneacha Chontae Thiobraid Árann, na focail Ghaeilge a bhfuil nó a raibh béim an ghutha ar *-ach* iontu a aithint agus a dheighilt ó na logainmneacha nach bhfuil béim orthu faoi na cúinsí teangeolaíochta céanna, *Po'llach / 'Pollach* cuir gcás. (Ar an siolla i ndiaidh an chomhartha ¹ atá príomhbhéim an fhocail nó an logainm.) Chuige sin, rinne mé scagadh ar fhoirmeacha áitiúla de logainmneacha an chontae a bhailigh mé in imeacht na mblianta 1989, 1991 agus 1993. Dar ndóigh, bhíosa i dtaobh le cainteoirí dúchais Béarla. Chuireas san áireamh chomh maith na logainmneacha a bhailigh An Brainse Logainmneacha sna blianta 1963-4 ó na Gaeilgeoirí dúchasacha deireannacha in iardheisceart an chontae agus atá i gclo in *Dinnseanachas* (Ó Cíobháin, 1964, 33-5) — aon logainm déag dár bailíodh an tráth úd a bhain le hábhar. Ar ghréasán aonad riaracháin na mbailte fearainn, na bparóistí dlí agus na mbarúntachtaí atá an taighde seo bunaithe den chuid is mó. Tá soláthar beag eile logainmneacha áirithe agam taobh amuigh de na haonaid riaracháin sin: ainmneacha roinnt gnéithe aiceanta, ar nós *Fidaghta River / Abhainn Fhiodachta* agus cúpla mionainm, ar nós *Currach Caol*. (Gheofar a thuilleadh eolais faoi na logainmneacha úd san Aguisín, aicme 1.) Is ar 252 logainm ar fad a rinneadh an taighde. I dteannta an staidéir shioncrónaigh, tá staidéar diacrónach déanta agam ar na logainmneacha. Is í an fhoinsé Ghaeilge is cuimsithí ón naoú haois déag ná Ainmleabhair Pharóiste na Suirbhéireachta Ordanáis (*AL*), mar ar bhreac Seán Ó Donnabháin (*OD*) agus na cúntóirí a bhí aige foirmeacha áitiúla Ghaeilge na logainmneacha a bhailíodar sa bhliain 1840 (Ó Cearbhaill, 2004, xxx ff.). Le peann luaidhe (*pl*) a scríobhadar na foirmeacha áitiúla de ghnáth. Ní bhfuair ach seacht logainm is fiche a bhain le hábhar i bhfoinsí Ghaeilge a bhí níos sine ná na hAinmleabhair. I gcás fhormhór na logainmneacha, mar sin, b'éigean dul i muinín fhoirmeacha stairiúla a scríobhadh de réir chóras litrithe an Bhéarla go príomha, mar a fheicfear san Aguisín (cf. Ó Cearbhaill, 2004, xxxii ff.).

Seo í an riail, mar sin, a chlúdaíonn na cúinsí ina bhfaigheadh béim ghutha a bheith ar *-ach* de réir an eolais atá againn ar chanúintí Ghaeilge na Mumhan: i bhfocal déshiollach nó trishiollach, nach bhfuil guta fada ann, titeann béim an ghutha ar an dara siolla más *-ach* atá ann, leithéid *bea'lach / bə'lax/*. Ní bhíonn an bhéim ar *-ach* más *-th-* an consan roimhe, ar nós an logainm *Beathacha*¹, más guta fada nó défhoghar atá sa chéad siolla den fhocal, ar nós *Lios Ruanach* *lis'ruənəx*, *lis'ro:nə*, nó má tá *-ach* sa tríú siolla, leithéid *Cuileannach* *'kwilənəx* (féach Aguisín thíos i dtaobh na logainmneacha sin). I gcás dornán beag logainmneacha dar críoch *-ach* taispeánann an fhianaise stairiúil go raibh trí shiolla iontu tráth, cé gur déshiollaigh iad i gcaint an lae inniu. Guta cúnta a bhí sa dara siolla in gach cás: cuir m.sh. *'kabrə*, foirm áitiúil ón mbliain 1991 den logainm (*An*) *C(h)abrach*, i gcomparáid le *Cabaragh*, *the Cabbaraghe*, foirmeacha ón 16ú haois den ainm céanna (féach Aguisín). Ní bheidh na logainmneacha sin sa chomhaireamh feasta.

¹Má bhíonn an fhuaim *h* díreach roimh *ach(t)* ní gnáth go dtógann an siolla ina bhfuil *ach(t)* an t-aiceann ón gcéad siolla (i. *'lathach*) [i gCúige Mumhan], *ach* tógann ag roinnt cainteoirí, go háirithe i Múscraí (Ua Súilleabháin, 1994, 481—féach Ó Cuív, 1944, 66). Ina leithéid de shuíomh, is ar an siolla roimh *-th(e)ach* a bhí béim an ghutha i gcás na logainmneacha go léir a chuala mise i gCo. Thiobraid Árann, ar nós *Lathach / Lahagh—'lahə*.

I gcás na logainmneacha, mar sin, a bheidh faoi chaibidil as seo amach, foirceann *-ach* a bhí nó atá acu nó ag eilimintí díobh agus gheobhadh an siolla sin a bheith faoi bhéim an ghutha. Is é an líon logainmneacha atá san áireamh ná 149. Tá trí phríomhaicme deighilte óna chéile ar an léaráid dáilimh mar atá logainmneacha nó eilimintí logainmneacha dar críoch /ax/ (poncanna dearga), logainmneacha nó eilimintí dar críoch /ə/ (poncanna donna), agus logainmneacha nó eilimintí dar críoch /əx/ (poncanna uaine).

An chéad phríomhaicme atá le plé ná focail ina bhfuil an siolla tosaigh gearr, le béim an ghutha ar *-ach* sa dara siolla, leithéid *Baile na mBo'dach*, *Baile na mBro'sach*, *Carraigín Sea'rach* (féach aicme 1, Aguisín). Bhaintí úsáid as 'diacritics' ar uairibh in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis chun siolla béimnithe a thaispeáint, ar nós 'Fusóch' *AL* i bpeannaireacht *OD* .i. *Fosach*, *Bealach* 'pronounced bio'lách, last syllable accentuated' *AL:OD*, 'Beal'ách Og' *AL* arna scríobh le *pl* .i. *Bealach Óg* (féach na samplaí sin agus samplaí eile nach iad in Aguisín, aicmí 1 & 1a).

Tá grúpa eile logainmneacha ar dhóigh liom ón bhfianaise stairiúil go raibh *-ach* faoi bhéim an ghutha iontu sa chéad leath den 19ú haois, ainneoin nach amhlaidh atá i gcaint an lae inniu (fo-aicme 1a, Aguisín). Cuireadh sin in iúl ar shlite éagsúla i bhfianaise na nAinmleabhar Paróiste sa bhliain 1840, 'Bofanáich' *AL:pl* .i. *Both Mhanach* cuir i gcás, nó 'Baile Nod'òch' *AL:pl* .i. *Baile na Nodach*, le 'diacritics' i bhfeidhm comharthaí aicinn ar na litreacha atá faoi bhéim an ghutha; nó 'Croch Scairtín' *AL:pl* .i. *Currach Scairtín* a raibh siolla réamhaicinn an fhocail *currach* coimrithe ann; nó *Buaile Shalach* ar mar seo a fuaimníodh é de réir *AL:OD*, 'last syllable guttural and accented, Boolahall'ágh'; nó 'Cr'òch an eàdh' *AL:pl* .i. *Currach an Fheá*. Foirm eile fós den logainm deireanach a scríobhadh le peann luaidhe in *AL* ná Cürwanyà, agus measaim go gcuireann an litriú in iúl nach raibh fuaimniú Gaeilge agus fuaimniú Béarla an ainm ar aon dul an tráth úd (1840c).² Ní foláir nó tharla meititéis an chonsain *r* sa logainm *Greallach* = *Baile na Grelcha* (1550c) > *Giorlach AL*, toisc go raibh an bhéim ar an dara siolla. I gcás gach logainm díobhsan, seachas *Baile na Nodach* atá eisceachtíúil toisc go dtugtar *Nodstow*n anois air i mBéarla, is ar an siolla roimh *-ach* a thit béim an ghutha sna leaganacha a d'airíosa timpeall 1991. Ponc bándearg a chuireann *Baile na Nodach / Nodstow*n in iúl agus ponc atá leath dubh agus leath dearg i gcás na gcúig logainm eile sa bhfo-aicme seo, de bhri gur féidir iad a cheangal le haicme 1, nó le haicme 2 mar a bhfuil an consan cuimilteach coguasach, an /x/, i ndeireadh focal ar ceal. Léiríonn na logainmneacha áirithe seo gur aistríodh béim an fhocail ó *-ach* an tsiolla dheiridh go dtí an chéad siolla, agus gur cosúil gur de thoradh nó i ndiaidh an athraithe teanga a tharla an t-aistriú béime.

Fo-aicme focal dar críoch /ax/ nár mhiste a thabhairt le chéile, ná an chuid a bhfuil guta an chéad siolla báite roimh na consain shondacha *r*, nó i gcás amháin, *l* (féach Ó Sé, 1984, 121 ff.). Tá réimse na bhfocal dar críoch *-ach* a léiríonn an cinéal sin coimrithe an-teoranfa (fo-aicme 1b), seacht sampla ón chaint den bhfocal *currach* agus sampla amháin de *darach* agus de *salach*. I dtaca le *Currach Salach* de, is é an dara focal amháin atá coimrithe **korə'slax** (1989), agus dhealródh sé gur mar sin a bhí sa bhliain 1840: *Curroughslogh AL*, *Curach slach AL:pl*. Is díol spéise é dáileamh na logainmneacha seo, sa mhéid go bhfuil cúig cinn díobh i dTiobraid Árann Thiar Theas (barúntacht Uibh Eoghain agus Uibh Fhathaidh Thiar), *Currach Chuana* m.sh. (dhá logainm ar leith, féach Aguisín). Siar ó dheas ó bhaile Thiobraid Árann atá *Currach an Bhuaic* (bar. Chlann Liam); ar theorainn Co. Luimnigh, siar ó dheas ó Dhurlas, atá *Currach Marcaigh* agus achar gairid lastuaidh de ar theorainn thoir thuaidh Luimnigh tá *Faill na Darach*. Faoi bhun ceithre chilimeádar lastuaidh den logainm réamhráite, tá áit den ainm *Com na 'gCoileach* le

² Cuireadh in iúl in *AL* eile de chuid an chontae go raibh difríocht idir fuaimniú Béarla agus Gaeilge an logainm *Cill Airíri* cuir i gcás: 'pronounced *Cill Airíri*g in Irish, in English *Killaldera & Killaldriff*'.

príomhbhéim ar shiolla tosaigh an cháilitheora (aicme 2d). Is í *Currach na Tinne* i mbar. Choill na Manach Uachtarach, siar díreach ó Dhurlas, an fhoirm choimrithe is sia soir in oirthuaisceart an chontae.

Chun achoimre a thabhairt mar sin ar na logainmneacha atá pléite go dtí seo, a díteann nó ar thit béim an ghutha ar *-ach* iontu, naoi sampla is fiche ar fad atá áirithe agam, agus is é dáileamh atá orthu de réir barúntachtaí ná, (barúntacht) *Uibh Eoghain agus Uibh Fhathaidh Thiar* naoi sampla, *Clann Liam* seacht sampla, *An Trian Meánach* cúig shampla, deisceart *Uaithne agus Ara* trí shampla, *Coill na Manach Uachtarach* dhá shampla, deisceart *Shliabh Ardach* dhá shampla, *Uibh Eoghain agus Uibh Fhathaidh Thoir* sampla amháin (féach léaráid na mbarúntachtaí). Cé go bhfuil líon iomlán na logainmneacha san aicme seo íseal go maith, tá líon na bhfocal fairsing ina bhfuil an bhéim ar *-ach*, *currach* (10 logainm), *pollach* (4), *bealach* (2), *salach* (2), *bodach* (1), *ceapach* (1), *Brosach* (1), *searrach* (1), *fosach* (1), *mullach* (1), *Fiodachta* (1), *Nodach* (1), *manach* (1), *greallach* (1), *darach* (1).

An chéad aicme eile logainmneacha ar mhaith liom trácht uirthi ná focail le foirceann /ə/ sa chaint. I gcás na n-ainmneacha seo gheobhadh an guta neodrach freagairt do *-ach* nó *-aigh* stairiúil. D'fhonn an pointe seo a léiriú tógaimis, i dtús báire, an bunfhocal *tulach* i logainmneacha (féach aicme 2a, Aguisín). Cúig shampla déag atá ar fáil i logainmneacha Co. Thiobraid Árann. Díol suime nach eol dom oiread is sampla amháin de *tulach* le béim an ghutha ar an dara siolla i measc logainmneacha an chontae. Seo a ndáileamh de réir barúntachtaí, *Urumhain Uachtarach* trí shampla, *An Trian Meánach* trí shampla, *Uibh Eoghain agus Uibh Fhathaidh Thiar* dhá shampla, *Uí Chairín* dhá shampla, *Uaithne agus Ara* dhá shampla agus sampla amháin in gach ceann de bharúntachtaí *Clann Liam*, *Uibh Eoghain agus Uibh Fhathaidh Thoir* agus *Sliabh Ardach*. Tá dáileamh na logainmneacha úd a bhfuil /^htulə/ iontu suimiúil chomh maith, mar go bhfuil a bhformhór suite sa cheantar inar thaispeáin mé *-ach* faoi bhéim an ghutha (aicme 1). Ó chainteoirí Gaeilge a fuarthas dhá cheann de na foirmeacha áitiúla, *Tullow* ən'tulə (1964c) agus *Tullaghamelan* / *T. Mhaoláin* tuləwe:lən' (1964c). Tá fianaise stairiúil, luath ar fáil i gcás cuid de na logainmneacha seo a léiríonn gur *tulach* a bhí iontu an chéad uair, *Tullaghamelan* / *T. Mhaoláin* cuir i gcás: *Tulachmolan* (bliain 1260), *Tullaghamelan* (1576); nó *Tullamain* / *T. Mheáin*: *Tulaghamathan* (1302-6), *Thollachmayn* (1491) (féach Aguisín). Dealraíonn sé ar fhianaise stairiúil na logainmneacha seo atá caomhnaithe i gcáipéisí Laidine nó Béarla go raibh foirmeacha den mbunfhocal *tulach* le foirceann guthach in úsáid faoin 16ú haois pé ar domhan é, *Tullenean* (sic) (1525), *Tulleveane* (1572); *Tula Moylin* (1580c) (= *Tullaghmoylan* / *T. Mhaoilin*); *Tullaheady* (1580c) (= *Tullahedy* / *T. Éide*) srl. Is é mo thuairim gur *tulaigh*, loghthuseal *tulach*, atá sa bhfoirm /^htulə/ ó bhunús.³

Más áil linn, dá bhri sin, teorainn a aithint, de réir fhianaise na logainmneacha, idir *-ach* faoi bhéim an ghutha agus *-ach* a díteann béim an ghutha ar ghuta gearr sa siolla roimhe, ní mór na logainmneacha éagsúla le foirceann /ə/ sa chaint a bhfuil bunfhoirm *-ach* acu agus atá baininscneach a fhágaint i leataobh. Is iad seo a leanas na focail atá i gceist agam agus a líon, *tulach* (15 logainm), *ceapach* (20), *crannach* (7), *greallach* (3), *brocach* (2), *cnocach* (2), *beannach* (2), *coilleach* (2), *salach* (1). Seo roinnt solaoídí de na logainmneacha úd agus dá n-inscne (aicme 2a): *Ceapach Raitin* kapə'ratŋ (1991), 'i Cempaig Ruittin' (1391c, téacs Gaeilge); *An Cheapach Mhór* kapə'mo:r (1989), 'san cCapadh' (1817c,

³ I dtaca le *-dh* nó *-gh* caol, deiridh de, deir Scán Ua Súilleabháin (1994, 485) 'gur líonmhaire go mór na heisceachtaí sna Déise' ná i gceantracha Gaeltachta eile na Mumhan (gan iarthuaisceart an Chláir, ar theorainn na Gaillimhe, a áireamh—Holmer, 1962, 113-4) ina gcailltear an consan i ndeireadh focal, ar nós 'korkə ag freagairt do *Corcaigh* (féach R. B. Breatnach, 1947, 133). Mar le Gaeilge Co. Chill Chainnigh de, scríobh R. A. Breathnach (1939-40, 277), 'the general tendency in Kilkenny was to drop final. palatal *-gh*, (*-dh*)'. Is léir ar an gcuma chéanna ar an bhfilíocht Ghaeilge a bailíodh ó bhéal na ndaoine sa dara leath den 19ú haois in oirdheisceart Thiobraid Árann agus i ndeisceart Chill Chainnigh, gur mhinic foirceann consanta an *-igh* ar lár, leithéid *Suithemána* ('Saoiteamánaigh'), *Fraucah* ('Francaigh') (Ó hÓgáin, 1981, 69 ff.). Tá samplaí bailithe agamsa den bhfoirceann guthach céanna i logainmneacha Thiobraid Árann, ar nós *Gort Eanaigh* = *Gort Anna* (1630c) < *Annauth* (1303) nó *Currach Marcaigh* (aicme 1b, Aguisín). Cf. O'Rahilly (1932, 54): 'In Laignin (and probably also in N. and E. Tipperary)...the *-gh* of *-igh* was simply dropped...'

téacs Gaeilge); *Caisleán na Cranncha* < *An Chrannach* ,kasəl'kranə, 'kranə (1989), 'san gCrannaigh' (1650c, téacs Gaeilge); *Greallach* 'gralə (1991), 'ac Grellaigh Dollaith' (694, téacs Gaeilge); *Brocach* 'brakə (1989), féach *broccach DIL* (baininsneach); *An Chnocach* 'nakə (1989), *An Chnocach* (1634, téacs Gaeilge).

Tá dornán eile logainmneacha ann nár mhiste a chur i leataobh chomh maith toisc nach eol dom a n-inscne. Is iad sin *Crotach* (dhá logainm), *Searrach*, *Arrach*. Go teoiriciúil ar aon nós b'fhéidir a mheas gur -igh > /ə/ atá sna leaganacha díobh a bailíodh ón chaint .i. 'krotə, 'ʃarə srl. (aicme 2b, Aguisín). Ní áireofar *Cloonmanagh* ná *Coolantallagh* ach oiread toisc go bhfuilim in amhras faoi dheilbhíocht na gcáilitheoirí iontu, .i. *Cluain Manach / Manaigh* (?) agus *Cúil Teallach na nGarrán* > *Cúil an Teallaigh* (?) (féach fianaise na logainmneacha, aicme 2c). Níl na logainmneacha scoite úd léirithe ar an dara léaráid.

Is mithid dom trácht ar fhuilleach na logainmneacha sa dara haicme, na focail fhirinsneacha a bhfuil guta gearr faoi bhéim an ghutha sa chéad siolla díobh agus /ə/ ag freagairt do -ach gan aiceann sa dara siolla (aicme 2d). Logainm áirithe ab fhéidir a chur sa chomhaireamh leosan, ná *Ardsallagh*. Is cosúil go raibh trí shiolla i gcáilitheoir an logainm ó bhunús, **Saileachóg* .i. *Ardsallaghoge* (bliain 1792), ach gur thit an tríú siolla ar lár, *Ard sala AL:pl* (1840). Ponc liath atá ag seasamh dó ar na léaráidí dáilimh.

Is iad seo, más ea, na focail fhirinsneacha, gona líon, ina raibh an consan cuimilteach coguasach neamhghlórach ar ceal (aicme 2d): *currach* (27 sampla), *bealach* (5), *eanach* (5), *manach* (3), *salach / saileach* (3), *mullach* (1), *coileach* (1), *leacach* (1), *mongach* (1). Sin soláthar mór logainmneacha, seacht gcinn is daichead san iomlán — ar le poncanna donna a chuirtear iad in iúl ar an léarscáil — nach féidir a rá ina dtaobh gur réadú ar an bhfoirceann baininsneach -igh atá ina bhfoirceann guthach. Tá focail áirithe a bhaineann leis an aicme seo logainmneacha agus le haicme 1 chomh maith (-ach faoi bhéim an ghutha), *currach*, *bealach*, *manach*, *salach* agus *mullach*. Ní mór a lua gurbh í *mulla* an fhoirm ba choitianta i nGaeilge na nDéise (Breatnach, 1961, 304; Ó hAirt, 1988, 103)⁴. D'fhonn an dá phatrún bhéimnithe a léiriú, cuir an logainm *Fearann na 'Manach* atá láimh le Caiseal ar an dtaobh thiar theas, mar a luitear ar shiolla tosaigh *Manach* (féach aicme 2d), i gcodarsnacht le *Both Mhanach* a luadh roimhe seo (1a), atá timpeall aon chiliméadar déag soir ó thuaidh ó Chaiseal, mar a luití ar shiolla deiridh an fhocail chéanna. Is fiú aird a thabhairt ar roinnt samplaí d'fhocail fhirinsneacha i logainmneacha ó dheireadh an 16ú haois agus ón 17ú haois, atá gan teimheal den -(a)ch i bhfoinsí Béarla ná Laidine, leithéidí: *Leacach* (bar. Urumhain Íochtarach), ionann is *Lacke* (1595), *Laky* (1601), 'lakə (1989); *An Currach* (bar. Uaithne agus Ara), *Curro* (1636c), 'korə (1989); *Eanach* (bar. Urumhain Íochtarach), *Ano* (1667), 'anə (1989). Sa leath thuaidh den chontae is mó atá fianaise stairiúil, luath den chineál sin le fáil. Toisc gur contae chomh fairsing sin Tiobraid Árann, níor mhór forbairt chanúnach eile a áireamh a bhfuil samplaí de i litríocht Ghaeilge an 17ú haois chomh fada ó dheas le duthaigh *Fir Cheall* i gCo. Uíbh Fhailí—dúthaigh a bhí teorantach le hÉile Uí Chearbhaill i gCúige Mumhan tráth (Hogan, 1910, 423)—sin lagú -ch leathan (Ó Súilleabháin, 1962, xviii; Williams, 1994, 450).

I gcás logainmneacha ar nós ,korə'duv *Curraghduff / Currach Dubh* (bar. Uaithne agus Ara), ,anə'beg *Annaghbeg / Eanach Beag* (bar. Urumhain Íochtarach), ina dtiteann príomhbhéim an ghutha ar an gcáilitheoir (*dubh*, *beag*), is ar shiolla tosaigh an aicmitheora (*currach*, *eanach*) a thiteann an

⁴ 'I have heard the form mullach [mu'lax] (as gen. pl.) in a place name in the Newcastle district, Co. Tipperary, *Cnoc na Mullach*..., but I have not heard it otherwise' (Breatnach, 1961, 304 n.2 s.v. *mulla*). Tá dhá bhaile fearainn i ndeisceart Thiobraid Árann le *mullach* iontu agus is ar -ach a luitear i gceann díobh, *Mullagh* (p Chill Mhuire in aice Charraig na Siúire): *Mollaghe* (1543), *Muileach AL:pl* (1840), mə'lax (1993); *Mullaghnoney* (p na hEaglaise Nua, timpeall 6 km taobh thiar thuaidh de Chluain Meala): *Mullach Imneona* (1482, téacs Gaeilge), *Mullaghemnonee* (1552), *Mullagheony* (1654), *Mollenony* (1659), *Mulla Neóna AL:pl* (1840), ,molə'njuni:

bhéim thánaisteach. Ní mór cuimhneamh i gcás frásaí ar nós ‘cailín óg’, ‘cipín beag’, go n-aistrítear an bhéim ó shiolla deireanach an chéad fhocail go dtí tosach an fhrása i nGaeilge Mhúscraí Thiar agus Chorca Dhuibhne cuir i gcás, i. ‘cailín ’óg (Ó Sé, 2000, 52-3; Ó Cuív, 1944, 67).⁵ Ina theannta sin, i bhfianaise an difir idir leithéidí **lis'ruənəx** agus **lis'ro:nə**, áit nár fhuaimnigh cainteoirí Béarla an consan cuimilteach coguasach i ndeireadh an logainm, ní hionann is cainteoirí Gaeilge, ní héadócha go rachadh an consan céanna, /x/, ar neamhni i siollaí neamhaiceanta logainmneacha eile.⁶

Is éard atá sa tríú príomhaicme, na focail a bhfuil béim ghutha ar an gcéad siolla, guta an chéad siolla gearr agus *-ach* /əx/, /ək/ gan béim sa dara siolla, *Gort na 'dTomach* m.sh. (Aguisín). Aon logainm déag ar fad atá san aicme seo agus iad roinnte de réir barúntachtaí mar a leanas, *Urumhain Uachtarach* trí shampla, *Sliabh Ardach* trí shampla, *Coill na Manach Uachtarach* dhá shampla agus sampla amháin in gach ceann de bharúntachtaí *Éile Uí Fhógarta*, *Uí Chairín* agus *Coill na Manach Íochtarach*. Is é an ghné is suaitheinsí de dháileadh sin na logainmneacha, ar poncanna uaine atá ag seasamh dóibh ar na léaráidí dáilimh, nach bhfuil oiread is sampla díobh sa trian theas den chontae. Is iad seo na focail agus líon na logainmneacha atá áirithe in aicme 3, *currach* (4 logainm), *bealach* (4), *sionnach* (1), *tomach* (1), *pollach* (1). Tá trí cinn de na focail sin a bhfuil *-ach* gan béim ina ndeireadh, *currach*, *bealach* agus *pollach*, le fáil i logainmneacha eile sa chontae agus an siolla *-ach* faoi bhéim an ghutha iontu (aicme 1). Cuir béim an logainm *Bealach* 'bələx, 'bələk (bar. Choill na Manach Íochtarach, aicme 3) atá taobh thiar thuaidh de Chaiseal, i gcodarsnacht le *Bealach Óg* bələk'ɔ:g (bar. Shliabh Ardach, aicme 1) ar theorainn Co. Chill Chainnigh agus le *Bealach* bəl'ɫəx (bar. Chlann Liam) taobh thoir theas de bhaile Thiobraid Árann. Is ar shiolla tosaigh an logainm *Pollach* (bar. Éile Uí Fhógarta), taobh thiar thuaidh de Dhurlas a luítear, 'pələks, də'pələks, ní hionann is na ceithre bhaile fearainn eile den ainm céanna atá sa chontae mar a luítear ar shiolla deiridh an fhocail. Tá ceann de na ceithre logainmneacha sin ar scaradh gabhail idir Co. Thiobraid Árann agus Co. Chill Chainnigh pəl'ɫəks (bar. Shliabh Ardach); tá *Pollach* eile taobh theas de bhaile Thiobraid Árann pəl'ɫəx (bar. Chlann Liam) agus tá an dá shampla dheireannacha de *Pollach* ar theorainn thiar an chontae (bar. Uaithne agus Ara) — ceann díobh i gcoigríoch Cho. Luimnigh pəl'ɫəx, pəl'ɫək agus an ceann eile ar bhruach na Sionainne lastuaidh pəl'ɫəks, pəl'ɫək (féach aicme 1, Aguisín).

Dá dtéití as sin siar thar Sionainn go hoirdheisceart Co. an Chláir, bheifí i ndúthaigh ina mbíodh béim an ghutha ar shiolla deiridh focal ar nós *bacach*, *beannacht*, *bradach* de réir na fianaise scáinte a bhailigh Nils Holmer sa mbliain 1946 agus a d'fhoilsigh sé in *The Dialects of Co. Clare* (Holmer, 1962, 65-6).⁷

Breathnaímis anois ar theorainn thoir na hiseagluaise atá tarraingthe agam ar an dara léaráid. I gcomharsanacht Chill Náile, baile atá timpeall 18 ciliméadar soir ó thuaidh ó Chaiseal, bhailigh an tIar-Ardeaspag Tomás Ó Muiris liosta focal Gaeilge idir 1920-40 atá i gcló in *Irisleabhar Staire Thiobraid*

⁵ Tugann Ó Sé (2000, 53) le fios ámh nach ‘n-aistrítear [de ghnáth] an bhéim go dtí an chéad siolla ó *ax-ach* sa dara siolla’ i gCorca Dhuibhne.

⁶ Féach an dá leagan éagsúla den logainm *Currach an Bhuaic* ón mbliain 1991 (aicme 1b): **krəxə'vuk**, **korə'vuk**.

⁷ De réir na samplaí a thug Holmer (loc. cit.) d'aiceann focal in oirdheisceart an Chláir, is ‘*ciseach*, *ba'cach* a chuala sé ó fhaisnéiseoir ó Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh, *bea'nnacht* i nDroichead an Chláir agus *ci'seach*, *bra'dach* thiar i gCill Rois. Tá dhá hiseaghluais tarraingthe soir siar i gcúl an imleabhair chéanna a thugann léargas ar bhéim na bhfocal *cailleach* agus *coileach* faoi seach i gCo. an Chláir. ‘If we consider words of the type *coileach*, *bacach*, which in Kerry are stressed on the last syllable, we shall be able to draw another line between an area in which the same stress pattern prevails and one in which these words are stressed on the first syllable. This line runs roughly along the parallel 52° 40', the Kerry stress being found to the south of it only. The dialect area includes the parishes of Kilballyowen, Moyarta and Kilrush, as well as the neighbourhood of Sixmilebridge in the east of Clare. In the case of certain words in *-ach* however (*cailleach*, *salach*), the boundary line runs much further to the north...’ (Holmer, 1962, 8-9). Taobhaíonn béim ghutha an logainm *Curragh* i bparóiste na Fiacaile, in oirthuaisceart an Chláir le hiseaghluiséanna Holmer — **korək**, **korə** a thaifid mise sa bhliain 1983 — de bhri go bhfuil sé sa cheantar ina luití ar shiolla roimh *-ach*.

Árann (Ó Muiris, 1991, 190-5). Ina measc tá *bacach, ropach* – ‘accent on first syllable’, *bodach, praiseach* – ‘accent on second syllable’.⁸ Is cosúil mar sin gur i gcoigríoch aiceann an tsiolla *-ach*, atá an ceantar sin. Ina theannta sin, taobh thoir de Chill Náile béimnítear an siolla roimh *-ach* i logainmneacha ar nós *Cúil na Sionnach* ar theorainn Co. Chill Chainnigh agus *Bealach Bui* (aicme 3, Aguisín). Taobh thiar de cheantar Chill Náile áfach, is ar *-ach* a luítear (nó a luití) i logainmneacha ar nós *Both Mha'nach, Cu'rrach Scairtín* (fo-aicme 1a), *Fo'sach* (aicme 1). Maidir le hOsraí de, dealraíonn sé ar na samplaí Gaeilge a bhailigh R. A. Breatnach (1992, 25 ff.) in oirdheisceart Co. Chill Chainnigh, leithéidí *praiseach pær's'ax, marcach mær'kax*, gur minic a bhíodh béim an ghuta ar *-ach* de réir na rialach a leagas síos i dtosach na haiste seo. Os a choinne sin i gceantar Dharú atá i dtuaisceart Osraí, soir ó thuaidh ón Teampall Mór, is ar an siolla roimh *-ach* a bhíodh an bhéim i bhfocail ar nós *'bacach, 'ciotach, 'praiseach* de réir liosta le Donnchadh Ó Conchubhair (1945-7, 270 & 272).⁹

Sa mhéid go bhfuil fianaise theoranta ann gur tharla an t-athrú foghraíochta seo a leanas i gcás focal dar críoch *-ach*, *ax > ə* le haistriú na béime, *Currach in Fedha* (bliain 1550c) > *Cröch an eädh* (1840) > *korə'na:* (1991) mar shampla (fo-aicme 1a), níl sé míréasúnta a mheas gur léargas coimeádach a thugann an léaráid dáilimh dúinn ar fhorleithne *-ach* faoi bhéim an ghutha. Ach dá ainneoin sin, níl ach sampla amháin de *-ach* agus béim air lastuaidh den líne teorann atá tarraingthe agam, agus tá sé sin amhrasach go leor—*Baile na Nodach* ar le ponc bándearg a léirtear é.

⁸ Scrúdaíos chomh maith cuid de na liostaí focal Gaeilge a bailíodh sa chontae nuair a bhí Bailiúchán na Scol á dhéanamh (Cartlann Roinn Bhéaloideas Éireann). De ghnáth ní léirítear béim na bhfocal sna liostaí úd. Seans gur eisceacht é ‘giolcach (*sic*) “broom”’, atá i measc na bhfocal a bailíodh i Maigh Thobair, lastoir de Chill Náile (CBÉ S562). Tá mé buíoch den Dr. Rionach Uí Ógáin a chabhraigh liom an t-ábhar seo a aimsiú.

⁹ De réir na n-iarsmaí Gaeilge a bhailigh R. A. Breatnach timpeall 1938 i dTulach Bhraín lastuaidh de Chathair Chill Chainnigh, bhí an bhéim ar shiolla deiridh na bhfocal *bodach, bealach, imeacht*, agus ar an gcéad siolla sna focail *collach, mallacht, coileach, beannacht* (Wagner, 1964, 64).

Aguisín

Is iad seo na logainmneacha atá luaite go sonrach roimhe seo san aiste. Leantar aicmí agus ord na haiste. Tugtar suíomh gach logainm de réir baile fearainn (nuair is mionainm é), paróiste agus barúntachta. Tugtar samplaí den litriú stairiúil. Níl na foinisí stairiúla as ar baineadh na solaoídí sin luaite go sonrach anseo, seachas *AL*. Nuair a fuarthas foirm stairiúil i dtéacs Gaeilge, cuirtear sin in iúl. Is i gcló trom atá na foirmeacha foghraíochta.

Giorrúcháin:

AL (féach Tagairtí); bar.: baruntacht; bf: baile fearainn; p: paróiste dlí; *pl*: peann luaidhe; *OD*: John O'Donovan / Seán Ó Donnabháin

Bahagha / Beathacha (p Dhúin, bar. Choill na Manach Uachtarach): *Behagh* (bliain 1731), *Bahagha* (1797), *Beathacach AL:pl* (1840); **'bahəgə**, **'bahəçə**, **'bahəkə** (1993);

Lisronagh (bf, p) / *Lios Ruanach* (bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thoir): *Lisrodach* (1260), *Lysroragh* (1435), *Lysronagh* (1495), 'Lis Ruadrach isna Deisib Muman' (téacs Gaeilge), *Lios Ruanach* (1580c, téacs Gaeilge), *Lisrona* (1668), *Lios ruáinech AL:pl* (1840); **lis'ruənəx** (1959c, cainteoirí Gaeilge i gCo. Phort Láirge—Cartlann an Bhrairse Logainmneacha), **lis'ro:nə** (1993);

Cullenagh / Cuileannach (p Sheanraithin, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Cullonagh* (1618), *Cullenagh* (1659), *Cuilleannach AL:pl* (1840); **'kwilənəx** (1993);

Cabragh / Cabrach (p Feart Éanna, bar. Éile Uí Fhógarta): *Cabaragh* (1508), *the Cabbaraghe* (1542), *Caburragh* (1551), *Cabraghe* (1575), *Cabragh* (1602), *Cabberragh* (1666-7), *Cabra AL:pl* (1840); **'kabrə** (1991);

Aicme 1

Fidaghta River / Abhainn Fhiodachta (bar. Chlann Liam): *the river ffadaghty, ffidaghta, ffaddaghty* (1654), *Fidochda AL* (1840), *Abhainn Fiodachta AL:OD*; **dəfə'daxdə** (1991);

Currach Caol (bf, p Sheanraithin bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar) **kə,rax'ke:əl** (1964c);

Ballynamuddagh / Baile na mBodach (p Thulaigh Mhaoláin, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Ballinamuddough AL* (1840); **bal'nəmə'dax** (1964c)

Ballynamrossagh / Baile na mBrosach (p Bhí Ois, bar. Chlann Liam): *Ballynemrossagh* (1615), *Ballybrisagh* (1666), *Ballinamorsough AL* (1840); **balinəm'rə'sax** (1991);

Carrigeensharragh / Carraigín Searrach (p Ghráinseach Eoin Baiste, bar. an Treana Mheánaigh): *Carrigyn Sheragh* (1508), *Carrigine Shirragh* (1659), *Cargín -Sea/iorach AL:pl* (1840); **karəgi:nfə'rax** (1989);

Fussough / Fosach (p Bhaile Uí Shocháin, bar. an Treana Mheánaigh): *Fossaghmore* (1607), *Fusóch AL:OD* (1840); **fə'sax** (1989);

Ballagh / Bealach (p Theampall Néire, bar. Chlann Liam): *Bellaghcullycunna, Bellaghcullycunny* (1654), 'pronounced bio'lach, last syllable accentuated' *AL:OD* (1840); **bə'lax** (1991);

Ballaghoge / Bealach Óg (p Ghráinseach Mhóicléir, bar. Shliabh Ardach): *Ballaghog* (1566), *Ballaghe ogg* (1576), *Ballahoge* (1660c), *Balloughogue AL* (1840), *Beal'ach Og AL:pl*; **bə,lak'o:ig** (1989);

Pollagh / Pollach (p Chill Mheanmnáin, bar. Shliabh Ardach + Co. Chill Chainnigh): *the Pillough* (1804), *Pollach AL:pl*; **pə'laks** (1989);

Pollagh / Pollach (p Theampall Néire, bar. Chlann Liam): *Pullagh* (1577), *P(u)loch AL:pl*; **pə'lax** (1991);

Pollagh / Pollach (p Chill Chomnaid, bar. Uaithne agus Ara): *Pollaghibrenir?* (1654), *Pullach AL:pl; pə'laks, pə'lak* (1989);

Pollagh / Pollach (p Chill Mhealláin, bar. Uaithne agus Ara): *Pollogh* (1802), *Polach AL:pl; pə'lax, pə'lak* (1989);

1a

Buffanagh / Both Mhanach (p Chill Chonail, bar. an Treana Mheánaigh): *Bothmanagh* (1309), *Boffanagh* (1654), *Boffana* (1666), *Bofanách AL:pl* (1840); **bo'fanə** (1989);

Nodstown / Baile na Nodach (p Ard Máil, bar. an Treana Mheánaigh): *Bally Noddagh* (1508), *Ballynenoddagh* (1540), *Baile Nodòch AL:pl* (1840); **'nadztəun** (1989);

Curraghscarteen / Currach Scairtín (p Ráth Cuala, bar. an Treana Mheánaigh): *Curraghscartin*, *Curraghscarteene* (1654), *Croch Scairtín (Corrog, Cnoc scriosta) AL:pl* (1840); **korəskar'ti:n** (1989);

Boolahállagh / Buaille Shalach > Shalaigh? (p an Chaisleáin Nua, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Ballisallagh* (1601), *Buollysallagh* (1654), *Boulahalla* (1840), 'Buaille Shalach, last syllable guttural and accented, Boolahallágh' *AL:OD*; **bui:f ə'hələ** (1964c);

Carriganagh / Currach an Fheá (p Chluain Bolg, bar. Chlann Liam): *Currach in Fedha* (1550c, téacs Gaeilge), *Corraghenea* (1590), *Curraghinea* (1654), *Carragh Inea* (1659), *Cròch an eàdh AL:pl* (1840), 'Currach an eadh, accent on 2nd. syllable currach' *AL:OD*, *Cŭrranyä AL:pl*; **korə'na** (1991);

Grallagh / An Ghreallach (p Chluain Bolg, bar. Chlann Liam): *Baile na Grelcha* (1550c, téacs Gaeilge), *Grelaghbegg* (1588), *Grallaghmore* (1590), *Grelaughbegge* (1591), *Giorlach AL:pl* (1840); **'gralə** (1991);

1b

Curraghslagh / An Currach Salach (p Sheanraithin, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Curragh sallah* (1735), *Curroughslogh AL* (1840), *Curach slach AL:pl*, 'a barbarous local corruption of Currach Salach' *OD* (1840c); **korə'slax** (1989);

Curraghcloney / Currach Cluana (p an Chaisleáin Nua, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Corraghlony* (1601), *Curraghcloomy* (1713), **krax'klu:mə** (1964c, 1989), **kə,rax'klu:mə** (1964c);

Curraghclooney / Currach Chuana (p Thiobraide, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Curragh Clonny* (1718), *Curraughcluony AL* (1840); **krax'klu:mi** (1989);

Curraghavoke / Currach an Bhuaic (p Theampall Néire, bar. Chlann Liam): *Curraghvoige* (1638), ...rach a' bhuaic *AL:pl* (1840); **kraxə'vu:k**, **korə'vu:k** (1991);

Curraghmarky / Currach Marcaigh (p Dhúin, bar. Choill na Manach Uachtarach): *Curraghmarcky* (1654), *Corrymarky* (1666), *Corah McKy* (1666-7), *C(o)rr.. Mairce AL:pl* (1840); **krax'markə**, **krak'markə** (1993);

Foildarragh / Fail na Darach (p Mhainistir Uaithne, bar. Uaithne agus Ara): *Foildnadaragh*, *Foylederrough AL* (1840), *Fail .a .arach AL:pl*; **fəilnə'drax**, **fəilnə'drak** (1989);

Curraghntinny / Currach na Tinne (p Mhaigh Ailbhe, bar. Choill na Manach Uachtarach): *Curraghtingy* (1725), *Curraghntingy* (1745), *C... na tinne AL:pl* (1840); **kraxnə'tinə**, **kraknə'tinə**, **krak** (1993);

Aicme 2a

Tullow / An Tulaigh (p Bhaile Uí Bhéacáin, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Tullowe* (1601), *Tulloelargy* (1654), *Tullogh* (1657), *Tullagh* alias *Tullalargy* (1728), *Tulla AL:pl* (1840); **ən'tulə** (1964c);

Tullaghmolan (bf, p) / *T. Mhaoláin* (bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Tulachmolan* (1260), *Tilaghmolan* (1302-6), *Tullaghmolan* (1576), *Tulloemealane* (1654), *Tullymelan*, *Tullaghmelane* (1703), *Tolla Mhaoláin AL:pl* (1840); **tuləwe:'la:n'** (1964c), **tolə'me:lən** (1989);

Tullamain (bf, p) / *T. Mhéain* (bar. an Treana Mheánaigh): *Tulagmathan* (1302-6), *Thollachmayn* (1491), *Tullenean* (recte *-vean* ?) (1525), *Tulleveane* (1572), *Tullagmayne* (1654), *Teile meádhain AL:pl* (1840); **tolə'me:n** (1989);

Tullamoylin / *T. Mhaoilin* (p Bhaile na Cloiche, p an Dolaidh, bar. Urumhain Uachtarach): *Tula Moylin* (1580c), *Tollemoylin* (1602), *Tullomoyline*, *Tulloemoyline*, *Tulloghmoylane* (1654), *Tulamoylan AL* (1840), *Tulla Mhaoilin AL:pl*; **tolə'məilən** (1991);

Tullaheady / *T. Éide* (p na Cille Móire, bar. Urumhain Uachtarach): *Tullaghedde* (1552), *Tullaheady* (1580c.), *Tulla théide AL:pl* (1840); **tolə'herdi:** (1991);

Tullowmacjames / *T. Mhic Shéamais* (p Theampall Tuaithe, bar. Ó Cairin): *na Tolcha* (gin.) (1460c, téacs Gaeilge), *Tollo* (1552), *Tullo mc James* (1657), *Tulaigh Mhic Shémuis AL:OD* (1840); **tolə,mak'dʒe:mz**, **'tolə** (1991);

Cappaghrattin / *Ceapach Raitin* (p Dhún Eochaille, bar. Chlann Liam) 'i Cempaig Ruitin' (1391c, téacs Gaeilge), *Keppagh Rathin* (1607), *Capparatten* (1654), *Ceapa Raithin AL:pl* (1840); **kapə'ratn** (1991);

Cappaghamore / *An Cheapach Mhór* (p an Chluainín, bar. Shliabh Ardach) *Ceppacmore* (1551), *Cappaghamore* (1603), *Cappagh* (1752), 'san cCapadh' (1817c, téacs Gaeilge); **kapə'mo:r** (1989);

Castlecranna / *Caisleán na Cranncha* < *An Chrannach* (p Chill Mhac Stola, bar. Uaithne agus Ara): *Cranagh* (1591), 'san gCrannaigh' (1650c, téacs Gaeilge), *Castle Crannath* (1659), *Caisl[eán] na Cránach AL:pl* (1840); **kasəl'kranə**, **'kranə** (1989);

Grallagh / *Greallach* (p an Dolaidh, bar. Urumhain Uachtarach): 'ac Grelaigh Dollaith' (694, téacs Gaeilge—féach Ó Murchadha, 1996-7, 16), 'for Grelaig Dollaid' (850c, téacs Gaeilge); *Grealegh*, *Grealeagh* (1657), *Grallagh AL* (1840), *Grealach AL:pl*; **'gralə** (1991);

Brockagh / *Brocach* (p Cill Bharráin, bar. Urumhain Íochtarach): *Brocky* (1580c), *Brokagh* (1585), *Brocagh* (1602), *Brackagh* (1615), *Brockamanagh*, *Brockabeg* (1637), *Brocca AL* (1840), *Brocach AL:pl*; **'brakə** (1989); (*broccach*, baininsneach, *DIL*);

Knockagh / *An Chnocach* (p na Cathrach, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Knockagh* (1596), *An Chnocach* (1634, téacs Gaeilge), *Knockagh AL* (1840); **'nakə** (1989);

2b (inscne éiginnte)

Crotta / *Crotach* (p Bhuiríos Uí Chéin, bar. Urumhain Íochtarach): *Crottagh* (1654), *Crotta* (1685), *Crota AL:pl* (1840); **'kratə** (1989);

Crutta / *Crotach* (p Dheargrátha, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Cruttagh* (1634), *Crutta* (1671), *Crutta AL* (1840), *Crota AL:OD*; **krətə'narθ**, **'kritə'narθ** (1989);

Sharragh / *Searrach* (p Dhura, bar. Urumhain Íochtarach): *Shearagh*, *Sheragh*, *Sharragh*, *Sarragh*, *Sherragh* (1654), *Sherra* (1778), *Shurah AL:pl* (1840), *Searach AL:dúch*; **'farə** (1989);

Arragh / *Arrach* (p Bhaile Locha Caoin, bar. Urumhain Íochtarach): *Arraghbegg* (1585), *Arrigebegg* (1659), *Arrach beag AL:OD* (1840); **arə'beg**, **arik'mo:r** (1989);

2c (deilbhíocht éiginnte)

Cloonmanagh / *Cluain Manach*, *Manaigh* ? (p Chuillinn, bar. Chlann Liam): *Clownmanagh* (1742), *C...i. manach AL:pl* (1840); **klu:n'manə** (1991);

Coolantallagh / Cúil Teallach na nGarrán > Cúil an Teallaigh ? (p Sheanraithin, bar. Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar): *Cowltellaughnegarran* (1579), *Coolenetullagh* otherwise *Cultelagh Negarran* (1615), *Coolnatallagh* (1654), *Cúil an tsalach AL:OD* (1840); **ku:lən'ʔ alə** (1989);

2d

? *Ardsallagh / Ard Saileach* < *Ard Saileachóg* (p Ráth Cuala, bar. an Treana Mheánaigh): *Ardsallaghoge* otherwise *Sallymount* (1792), *Ard sala AL:pl* (1840); **a:rd'salə** (1989);

Coumnagillagh / Com na gCoileach (p an Dolaidh, bar. Urumhain Uachtarach): *Coumnagulla* (1834)?, *Coumnagella AL* (1840), *Com na gCoile..h AL:pl* (1840), *Com na g-Coilleach AL:OD*; **ˌkəʊmnə'gɛlə, ˌkəʊmnə'gɪlə** L

Farranamanagh / Fearann na Manach (p na Mainistreach Léithe, bar. an Treana Mheánaigh): *Fearann na manach AL:OD* (1840); **ˌfærənə'manə** (1989);

Lacka / Leacach (p Bhaile an Gharraí, p Bhaile Locha Caoin, bar. Urumhain Íochtarach): *Leackagh* (1580c), *Lackagh, Lackaghoclere* (1594), *Lacke* (1595), *Laky* alias *Lackaghoclere* (1601), *Leaca, Leacach AL:OD* (1840); **'lakə** (1989); cf. logainm *Cend Leccaig* (Hogan, 1910, 226);

Curragh / An Currach (p Bhaile an Chaisleáin, bar. Uaithne agus Ara): *Curro, Curragh* (1636c), *in Churraig* (gin.) (1714, téacs Gaeilge); *Currach AL:pl* (1840); **'korə** (1989);

Annagh / Eanach (p Dhura, bar. Urumhain Íochtarach): *Anagh* (1659), *Ano* (1667), *Eanach AL:pl* (1840); **'anə** (1989);

Curraghduff / An Currach Dubh (p Chill Ó Scoláí, bar. Uaithne agus Ara): *Curraghduff* (1585), *Curraduffe, Curraghduffe* (1666), *Curraduff AL* (1840), *Curach dubh AL:pl*; **ˌkorə'dʊv** (1989);

Annaghbeg / An tEanach Beag (p Dhrom Inbhir, bar. Urumhain Íochtarach): *Annaghe* (1570, 1571, 1576), *Annagh* (1597), *Annabeg AL* (1840), *Eanach Beag AL:pl*; **ˌanə'beg, 'anə** (1989);

Aicme 3

Gortnadumagh / Gort na dTomach (p Bhoirne, bar. Ó Cairín): *Gortnatumah* (1739), *Gortnatumah* (1746), *Gortnadomough* (1768), *Gurtnatuma* (1784), *Gurthnadumagh AL* (1840), *Gort na dTomach AL:OD*; **ˌgortnə'doməx, ˌgortnə'dumə** (1991);

Ballagh / Bealach (p Chluain Abhla, bar. Choill na Manach Íochtarach): *Bealagh* (1601), *Bellagh, Bellogh* (1654), *Beal(l)ach AL:pl* (1840); **'balək, 'baləx** (1993);

Pollagh / (An) Pollach (p na hInse, bar. Éile Uí Fhógarta): 'the deepe *Pollagh* of Pobbollofogerty' (1654), *Pollach AL:pl*; **'paləks, də'paləks, də'paləksəv'ɪnʃ** (1991);

Coolnashinnagh / Cúil na Sionnach (p Bhaile an Gharraí, bar. Shlíabh Ardach): *Coolnashinnagh AL* (1840), *Cúl na sineac AL:pl*; **ˌku:lənə'ʃɪnək** (1989);

Ballaghboy / Bealach Bui (p Bhaile an Gharraí, bar. Shliabh Ardach): *Brallagh Boy* (1508), *Bellaghboy* (1654), *Balloughboy AL* (1840); **ˌbalək'bi**: (1989).

Léadh dréacht den pháipéar seo ag an Séú Comhdháil de Theangeolaíocht na Gaeilge a reachtáileadh i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i Mí an Mhárta 2002. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Diarmaid Ó Sé a d'eagraigh an chomhdháil. Tá mo bhuíochas tuillte chomh maith ag Siobhán Ní Laoire agus ag Dáithí Ó hÓgáin a léigh dréacht den aiste seo agus a phléigh liom í agus ag Muiris de Buitléir a sholáthraigh na léaráidí.

Tagairtí

- AL*
- Breat(h)nach, R. A. 1939-40 'Carraig Seac', *Éigse* 1, 265-280.
1992 'Iarismaí de Ghaeilig Chontae Chill Choinnigh', *Éigse* 26, 21-42.
- Breatnach, R. B. 1947 *The Irish of Ring, Co. Waterford*. Dublin.
1961 *Seana-Chaint na nDéise* II. Dublin.
- DIL* 1913-76 (*Contributions to a) Dictionary of the Irish Language*. R.I.A. Dublin
- Hogan E. 1910 *Onomasticon Goedelicum*. Dublin
- Holmer, N. M. 1962 *The Dialects of Co. Clare* 1. Todd Lecture Series 19. Dublin.
- Ó Cearbhaill, P. 2004 *Liostaí Logainmneacha: Contae Thiobraid Árann / Tipperary*. An Brainse Logainmneacha. Baile Átha Cliath.
- Ó Cíobháin, B. 1964 'Logainmneacha ó Dheisceart Thiobraid Árann', *Dinnseanchas* 1, 32-42.
- Ó Conchubhair, D. (1945-7) 'Focail Ghaedhilge ó Dharmhagh Ua nDuach', *Éigse* 5, 267-282.
- Ó Cuív, B. 1944 *The Irish of West Muskerry, Co Cork* (athchló 1968, 75). Dublin.
- Ó hAirt, D. 1988 *Diolaim Dhéiseach*. Baile Átha Cliath.
- Ó hÓgáin, D. 1981 *Duanaire Thiobraid Árann*. Baile Átha Cliath.
- Ó Muiris, T. 1991 'Oidhreacht Ghall – Ghaelach: focail Ghaeilge ó cheanntar Chill Náile (1920-1940)', *Tipperary Historical Journal / Irisleabhar Staire Thiobraid Árann*, 190-195.
- Ó Murchadha, D. 1996-7 'A reconsideration of some place-names from the Annals of Tigernach', *Ainm* 7, 1-27.
- O'Rahilly, T. F. 1932 *Irish Dialects Past and Present* (athchló 1988). Baile Átha Cliath.
- Ó Sé, D. 1984 'Coimriú siollaí tosaigh sa Ghaeilge', *Éigse* 20, 171-186.
2000 *Gaeilge Chorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath.
- Ó Súilleabháin, P. 1962 *Lucerna Fidelum*. Baile Átha Cliath.
- Ua Súilleabháin, S. 1994 'Gaeilge na Mumhan', *Stair na Gaeilge*, eagr. K. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams, L. Breatnach, 479-538. Maigh Nuad.
- Wagner, H. 1964 *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects 2: The Dialects of Munster*. Dublin.
- Williams, N. J. 1994 'Na canúintí a theacht chun solais', *Stair na Gaeilge*, 447-478. Maigh Nuad.

Summary

This article uses evidence from the pronunciation patterns of Hiberno-English as currently spoken in Co. Tipperary to shed light on likely stress patterns in now extinct dialects of Tipperary Irish. When stress patterns of local pronunciation of Tipperary placenames ending in Irish *-ach* are mapped and analysed, a dialect boundary (or isogloss) emerges within the county. The analysis is based on a corpus of about 150 placenames, comprising my own recordings of the local pronunciation (especially of older inhabitants) in the years 1989, 1991 and 1993, supplemented by a small number of names which were collected from native Irish speakers in South-West Tipperary by the Placenames Branch in 1963-64 and also by the historical written evidence.

We know from studies of extant (or recently extinct) Irish dialects that the stress generally falls on the second syllable of nouns (or placenames) such as *bacach*, *Pollach* in Munster, provided that the vowel of the first syllable is short. The Irish of South Co. Clare and South Kilkenny seems to have adhered to that stress pattern, whereas the Laois-Kilkenny border and North Clare areas diverge and place the stress on the syllable preceding *-ach*.

The broad opposition between the Southern final stress pattern and the Northern initial stress pattern is represented in three categories:


- (a) Placenames which have stressed *-ach*. (A further small number of placenames which now contain unstressed *-ach* but for which the historical evidence points to stressed *-ach*, may be added to this category.)
- (b) Placenames which have unstressed *-ach* and have lost the final consonant, such as *Lacka*. Words of feminine gender pertaining to this category, such as *tulach* and *ceapach*, are not shown on diagram 2, as their modern realisations, such as *Tulla*, *Cappa* etc., may derive from the original dative / accusative form, *Tulaigh*, *Ceapaigh*. The loss of the final unstressed guttural consonant of masculine nouns, such as *Eanach* > *Anna(gh)* and *Currach* > *Curra(gh)* is no doubt attributable, in part, to the influence of English; however, relatively early evidence for its loss, albeit in non-Gaelic sources, especially in the northern end of the county, suggests the loss may have already occurred in Irish.
- (c) Placenames which have unstressed *-ach* while retaining the final consonant, such as the pronunciation of *Ballagh*, with initial stress, in Clonoulty Parish.

Local pronunciations of placenames with stressed final *-ach* occur south of a curved line running from Birdhill to Mullinahone, while the pattern of stress on the syllable preceding *-ach* occurs north of that line, as shown in diagram 2. This is probably an historically conservative boundary, since subsequent to (and presumably as a result of) the change from Irish to English, the stress of certain documented placenames was altered to the initial syllable from the stressed *-ach* syllable.

A list of words collected and published by the late Archbishop of Cashel and Emly, Thomas Morris, in the 1991 edition of this Journal, demonstrates that the Killenale district, North-East of Cashel (adjacent to the eastern section of our boundary line) must have been a transition area, as the second syllable of some words containing *-ach*, such as *bodach* were stressed while others, such as *bacach* had initial stress. Perhaps readers may still remember the traditional pronunciation of pertinent Irish words, such as *bacach*, *praiseach* etc., within the county.



Barúntachtaí Co. Thiobraid Árann




Foghraíocht

- /ax/
- /ax/ ?
- /ax/ nó /ə/

- /əx/
- /ə/
- /ə/ ?

- Teorainn an Chontae
- Bailte móra



- **Bailte móra**
- **Teorainn an Chontae**